# Staitisticí faoin Asbhaint Tuillimh Eachtraigh 2019

Feabhra 2025

Tá na staitisticí san eisiúint seo, bunaithe ar anailís ar thuairisceáin cáiníocóirí tíolactha i ndáil le 2019, ullmhaithe ag Brainse Stráitéise, Meastóireachta agus Tuairiscithe na gCoimisinéirí Ioncaim. Ba chóir caitheamh leis na staitisticí seo mar staitisticí sealadacha agus féadfaidh sé go ndéanfar athbhreithniú orthu.

Tá tuilleadh eolais maidir leis an Asbhaint Tuillimh Eachtraigh ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim. Ba chóir aon fhiosruithe faoi staitisticí maidir leis an eisiúint seo a sheoladh chuig statistics@revenue.ie

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

ISSCOP
Irish Statistical System Code of Practice

# Réamhrá

## Léargas ginearálta ar an Asbhaint

Féadfaidh sé go mbeidh cáiníocóirí atá cónaitheach in Éirinn in ann leas a bhaint as asbhaint (an Asbhaint Tuillimh Eachtraigh nó "ATE") óna n-ioncaim incháinithe, faoi réir coinníollacha áirithe a shásamh, má chaitheann siad tréimhse thar lear ag obair.[1] Chun cáiliú don ATE in 2019, ní mór gur chaith an cáiníocóir ar a laghad 30 lá cáilitheach ag obair i stát iomchuí.[2] Is ó 2012 go 2025 atá an ATE á reáchtáil.

## Stát Iomchuí

Ba é liosta na stát iomchuí don ATE in 2019 ná:

- An Ailgéir
- Bairéin
- An Bhrasaíl
- An tSile
- An tSín
- An Cholóim
- Poblacht Dhaonlathach an Chongó
- An Éigipt
- Gána
- An India
- An Indinéis
- An tSeapáin
- An Chéinia
- Cuáit
- An Mhalaeisia
- Meicsiceo
- An Nigéir
- Óman
- An Phacastáin
- Catar
- Poblacht na Cóiré
- An Rúis
- An Araib Shádach
- An tSeineagáil
- Singeapór
- An Afraic Theas
- An Tansáin
- An Téalainn
- Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha
- Vítneam

[1] https://www.revenue.ie/ga/personal-tax-credits-reliefs-and-exemptions/income-and-employment/foreign-earnings-deduction/index.aspx

[2] Ní mór don cháiníocóir an líon laethanta cáilitheacha i rith na bliana cánach a chaitheamh ag obair, nó ar feadh tréimhse leanúnach 12 mhí a mhaireann dhá bhliain cánach.

# Staitisticí ATE

## Éilitheoirí agus an Costas Cánach

Leagtar amach sa tábla thíos líon na n-aonad cáiníocóra atá ag éileamh an ATE, agus an costas iomlán cánach a bhaineann leis na héilimh seo.

| Bliain | Líon na nAonad Cáiníocóra | Costas Cánach (€m) |
|---|---|---|
| 2012 | 108 | 0.8 |
| 2013 | 135 | 1.0 |
| 2014 | 144 | 1.1 |
| 2015 | 472 | 3.2 |
| 2016 | 413 | 3.5 |
| 2017 | 591 | 3.9 |
| 2018 | 817 | 5.4 |
| 2019 | 720 | 5.2 |

## Éilitheoirí de réir Earnála

Leagtar amach sa tábla thíos líon na n-aonad cáiníocóra a d'éiligh ATE in 2019 agus an costas cánach a bhaineann leis na héilimh sin, arna bhriseadh síos de réir an chaighdeáin rangaithe earnála NACE.

| Earnáil | Líon na nAonad Cáiníocóra | Costas Cánach (€m) |
|---|---|---|
| Gnó mórdhíola & miondíola; mótarfheithiclí agus gluaisrothar a dheisiú | 48 | 0.28 |
| Faisnéis agus cumarsáid | 112 | 0.78 |
| Gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais | 104 | 0.90 |
| Gníomhaíochtaí eastáit réadaigh | 90 | 0.75 |
| Gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíochtúla agus teicniúla | 125 | 0.88 |
| Déantúsaíocht | 67 | 0.35 |
| Tógáil | 27 | 0.17 |
| Gníomhaíochtaí riaracháin agus seirbhísí tacaíochta | 55 | 0.48 |
| Oideachas | 15 | 0.07 |
| Na healaíona, siamsaíocht & seirbhísí caithimh aimsire | 22 | 0.15 |
| Riarachán poiblí & cosaint; Slándáil Shóisialta Éigeantach | 11 | 0.08 |
| Eile | 44 | 0.29 |
| **Iomlán** | **720** | **5.2** |

## Laethanta Cáilitheacha Éilithe

Ó 2012 go 2014, bhí ar éilitheoirí oibriú 60 lá ar a laghad i stát cáilitheach. In 2015, leasaíodh é seo go 40 lá cáilitheach agus in 2017 athraíodh é go dtí an riachtanas reatha 30 lá. Leagann an tábla thíos amach meánlíon na laethanta cáilitheacha, mar atá dearbhaithe ar thuairisceáin cánach na n-éilitheoirí ATE.

| Bliain | Meánlíon na Laethanta Cáilitheacha Éilithe |
|---|---|
| 2014 | 90 |
| 2015 | 80 |
| 2016 | 80 |
| 2017 | 70 |
| 2018 | 70 |
| 2019 | 70 |

## Tíortha Iomchuí

Leagtar amach sa tábla thíos líon na n-éilitheoirí ar an ATE de thoradh seal a chaitheamh ag obair thar lear, arna bhriseadh síos de réir na dtíortha iomchuí. Tá méadú mór tagtha ar líon na dtíortha iomchuí ó tugadh isteach an ATE in 2012. Sa chás nach raibh stát ina stát iomchuí i mbliain áirithe, cuireadh an marc 'N/B' leis sa tábla. Ina theannta sin, ní áirítear na blianta 2012 agus 2013, ar mhaithe le deacrachtaí a sheachaint maidir le Rialuithe um Nochtadh Staitisticí (RNS) na gCoimisinéirí Ioncaim toisc líon na gcásanna lena mbaineann a bheith níos lú.[3]


Ós rud é go bhféadann éilitheoirí éileamh a dhéanamh i leith níos mó ná stát amháin, ní thagann líon na n-éilitheoirí sa tábla thíos le líon na n-éilitheoirí sa tábla thuas. Ba chóir a thabhairt do d'aire go mbaineann liosta na stát iomchuí thíos leis na stáit incháilithe i leith éilimh in 2019.

| | Líon na nÉilitheoirí | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Stát** | **2019** | **2018** | **2017** | **2016** | **2015** | **2014** |
| An Ailgéir | * | * | * | * | * | * |
| Bairéin | 27 | 47 | 30 | 12 | 14 | Ní Bhaineann |
| An Bhrasaíl | 24 | 22 | 17 | 10 | * | * |
| An tSile | * | 11 | * | * | * | Ní Bhaineann |
| An tSín | 149 | 119 | 109 | 76 | 85 | 30 |
| An Cholóim | * | * | * | Ní Bhaineann | Ní Bhaineann | Ní Bhaineann |
| Poblacht Dhaonlathach an Chongó | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | * |
| An Éigipt | 33 | 20 | 14 | * | * | * |
| Gána | 14 | * | * | * | * | * |
| An India | 82 | 83 | 67 | 54 | 32 | 10 |
| An Indinéis | 25 | 11 | 12 | 10 | 13 | Ní Bhaineann |
| An tSeapáin | 66 | 43 | 28 | 18 | 20 | Ní Bhaineann |
| An Chéinia | 34 | 26 | 13 | 13 | 11 | * |
| Cuáit | 14 | 13 | * | * | * | Ní Bhaineann |
| An Mhalaeisia | 62 | 44 | 34 | 35 | 24 | Ní Bhaineann |
| Meicsiceo | 36 | 39 | 19 | 24 | 10 | Ní Bhaineann |
| An Nigéir | 10 | * | * | * | * | * |
| Óman | 18 | 15 | 10 | * | 10 | Ní Bhaineann |
| An Phacastáin | * | * | * | Ní Bhaineann | Ní Bhaineann | Ní Bhaineann |
| Catar | 23 | 25 | 11 | * | 12 | Ní Bhaineann |
| Poblacht na Cóiré | 23 | 16 | 13 | 11 | * | Ní Bhaineann |
| An Rúis | 47 | 26 | 27 | 20 | 20 | * |
| An Araib Shádach | 48 | 36 | 37 | 29 | 23 | Ní Bhaineann |
| An tSeineagáil | * | * | * | 0 | 0 | 0 |
| Singeapór | 86 | 60 | 55 | 44 | 32 | Ní Bhaineann |
| An Afraic Theas | 78 | 61 | 55 | 34 | 30 | 22 |
| An Tansáin | * | * | * | * | * | * |
| An Téalainn | 31 | 30 | 22 | 13 | 19 | Ní Bhaineann |
| Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | 141 | 111 | 89 | 66 | 50 | Ní Bhaineann |
| Vítneam | 21 | 22 | 22 | * | * | Ní Bhaineann |
| **Iomlán** | **1,125** | **920** | **724** | **538** | **463** | **91** |

Léirítear sa léaráid seo a leanas líon na n-éilitheoirí arna bhriseadh síos de réir Stát in 2019.

[3] Cuireadh * taobh leis na Stáit a bhfuil 10 éilitheoirí nó níos lú acu in aon bhliain ar leith chun fadhbanna i leith RNS na gCoimisinéirí a sheachaint: https://www.revenue.ie/ga/corporate/documents/statistics/about/statistical-disclosure-control.pdf

## Asbhaint Tuillimh Eachtraigh 2019




Tá an grádán is ísle de "1" ag stáit le níos lú ná 10 éilitheoir in 2019 chun saincheisteanna lenár bPrótacal um Rialú Nochtadh Staidrimh a sheachaint.